Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14274/22**

**STATIS 53**
**ECOFIN 1121**
**UEM 307**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13870/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo conclúidí 2022 ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a d'fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 8 Samhain 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2021, maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na treoirlínte polaitiúla don Choimisiún sna blianta 2019 go 2024, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíochtaí mhaicreacnamaíocha, agus don staidreamh struchtúrach.

**Freagairt ó lucht staidrimh ar ghéarchéimeanna**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur áirithíodh leis an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) gur leanadh de staidreamh oifigiúil ardcháilíochta a fhoilsiú laistigh den sprioc-am le linn phaindéim COVID-19, le héileamh láidir méadaitheach ó úsáideoirí. IS DÍOL SÁSAIMH freisin don Chomhairle rannpháirtíocht agus iarrachtaí Eurostat, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun treoir a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir leis na gnéithe staidrimh de bhearta nua beartais chun aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim. IARRANN an Chomhairle go leathnófaí na cuntais staidrimh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh chun tionchar na dtionscnamh sin ar a staidreamh a léiriú.

Ina theannta sin, IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle freagairt CSE ar an ngá, a d'eascair as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, le staidreamh nua agus níos tráthúla, go háirithe i ndáil le staidreamh maidir le fuinneamh, slabhraí soláthair, imirce agus margadh an tsaothair, agus MOLANN SÍ do CSE tacaíocht ábhartha a chur ar fáil d'údaráis staidrimh na hÚcráine.

Sa chomhthéacs foriomlán sin, ADMHAÍONN an Chomhairle go bhfuil staidreamh nua an-ábhartha á fhorbairt i gcónaí ag CSE, ar bhonn turgnamhach go minic, go háirithe staidreamh lena dtomhaistear tionchar an chogaidh san Úcráin ar gheilleagair agus ar shochaithe na hEorpa.

**Rochtain ar shonraí chun staidreamh oifigiúil níos tráthúla agus níos mionsonraithe a thiomsú**

ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle a thábhachtaí atá sé rochtain mhéadaithe leanúnach a bheith ag táirgeoirí staidrimh oifigiúil ar fhoinsí nua sonraí. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE páipéar seasaimh ESS maidir leis an togra le haghaidh Gníomh um Shonraí a thiocfaidh amach anseo, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé maidir leis an nGníomh um Shonraí sin atá le teacht chun chun rochtain leanúnach, bunaithe go dlíthiúil, a bhunú ar shonraí atá á sealbhú go príobháideach chun staidreamh oifigiúil tráthúil agus níos mionsonraithe a thiomsú. Ina theannta sin, TÁ AN CHOMHAIRLE AG SÚIL LE togra a d'fhéadfadh teacht ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar Rialachán Uimh.°223/2009 maidir le staidreamh Eorpach, lena dtabharfaí aghaidh go háirithe ar an tsaincheist i ndáil le rochtain ar fhoinsí nua sonraí, ó thaobh dhearcadh sonrach an staidrimh Eorpaigh de, chomh maith le bealaí chun solúbthacht mhéadaithe agus freagrúlacht CSE a áirithiú.

ADMHAÍONN an Chomhairle a thábhachtaí atá staidreamh airgeadais agus neamhairgeadais atá cruinn agus comhleanúnach. IARRANN SÍ ar CSE agus ar CEBC an comhar laistigh de na córais faoi seach agus eatarthu a fheabhsú a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, MOLANN an Chomhairle an machnamh leanúnach atá á dhéanamh faoi láthair maidir le conas comhroinnt na faisnéise ábhartha idir tiomsaitheoirí staidrimh a éascú a thuilleadh.

**Acmhainní leordhóthanacha le haghaidh staidreamh oifigiúil**

AITHNÍONN an Chomhairle go gcaithfear a áirithiú go mbeidh na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ag Eurostat agus Údaráis Staidrimh Náisiúnta leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais phráinneacha sonraí, lena n-áirítear sonraí maidir leis an gclaochlú digiteach, an t-aistriú glas agus an t-athrú aeráide, chomh maith le hiarmhairt na paindéime agus tionchair chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

**Tuarascáil Stádais 2022 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na forbairtí a bhfuil cur síos orthu sa Tuarascáil Stádais 2022 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

IS MÓR AICI gur cuireadh tuilleadh feabhais ar chuimsiú tíortha, tráthúlacht, fad na n-amshraitheanna, agus cáilíocht fhoriomlán na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha.

CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach atá ag Príomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha i gcónaí mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha agus TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh.

**Staidreamh faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) agus faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle dearbhú cáilíochta an staidrimh atá mar bhonn ag MIP, agus IS MÓR AICI tuarascáil measúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn do MIP ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach, Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti.

ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle a hiarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faoi bhráid Eurostat gach sonra staidrimh is gá chun tagarmharc caiteachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sonraí i dtaca le hioncam rialtais i bhfoirm cistiú ón Aontas, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá comhchuibhiú agus trédhearcacht na sonraí sin.

**Staidreamh i ndáil leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle torthaí Eurostat maidir le táscairí staidrimh a sholáthar mar aon le faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint de bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit i mbun faireachán ar an dul chun cinn chun na SDGanna a bhaint amach.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag CSE chun freastal ar na héilimh faisnéise a eascraíonn as an gComhaontú Glas don Eoraip i réimsí an staidrimh fuinnimh, an staidrimh a bhaineann leis an athrú aeráide, na gcuntas eacnamaíoch comhshaoil, an staidrimh iompair agus an airgeadais inbhuanaithe. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle Clár Oibre Aeráide BCE agus an obair chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar cháilíocht sonraí aeráide chun rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a shainaithint agus a bhainistiú níos fearr, tá an Chomhairle ag súil le heisiúint na chéad torthaí i réimsí na n-ionstraimí airgeadais glasa agus an aistrithe agus na rioscaí fisiceacha a bhaineann le punanna na n-institiúidí airgeadais.

Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI na tograí ón gCoimisiún maidir le raon na gcuntas eacnamaíoch comhshaoil a leathnú, MOLANN SÍ don Chomhairle féachaint an bhféadfaí táscairí tráthúla a fhorbairt a thuilleadh, agus an t-ualach ar údaráis náisiúnta staidrimh á chur san áireamh.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS gur ardtosaíocht aici é staidreamh tráthúil fuinnimh a bheith ar fáil, agus dá bhrí sin MOLANN SÍ go ndéanfar an Rialachán leasaithe maidir le Staidreamh Fuinnimh a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é go mbeidh táscairí nua maidir le fuinneamh á bhforbairt, agus úsáid á baint as foinsí nua sonraí i gcás inarb iomchuí.

**Staidreamh tithíochta agus réadmhaoine**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an plé atá ar siúl faoi láthair laistigh de CSE agus de CEBC chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an méid a chuireann na costais tithíochta leis an mboilsciú, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé meastóireacht chúramach a dhéanamh ar na himpleachtaí uile a d’fhéadfadh a bheith ag na roghanna éagsúla atá ar fáil.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle freisin an obair atá á déanamh ag CSE agus CEBC araon chun táscairí réadmhaoine tráchtála a fheabhsú.

MOLANN an Chomhairle do CSE agus do CEBC araon leanúint orthu den tábhacht agus den phráinn is gá a thabhairt do na saincheisteanna sin.

**Staidreamh gnó**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na feabhsuithe atá tagtha ar an staidreamh gnó Eorpach tríd an Rialachán maidir le staidreamh gnó Eorpach a chur chun feidhme, go háirithe, maidir le húsáid foinsí nua sonraí amhail na micreashonraí ar onnmhairí earraí laistigh den Aontas a mhalartaítear idir na Ballstáit, lenar cheart, mar fhreagra ar na moltaí a rinne an Chomhairle roimhe seo, a bheith in ann an t-ualach freagartha ar fhiontair a laghdú go suntasach agus leibhéal fónta cáilíochta á choinneáil acu ag an am céanna. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle é go ndéanfar innéacs nua de tháirgeadh seirbhísí a fhorbairt. MOLANN an Chomhairle do CSE tuilleadh forbartha a dhéanamh ar staidreamh maidir le rannchuidiú fiontar beag agus meánmhéide, miondealuithe réigiúnacha, nascadh micreashonraí agus tomhas fiontar ardfháis.

ADMHAÍONN an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag CSE leis an digiteáil a thomhas níos fearr, i gcomhthéacs na Teachtaireachta maidir leis an Deacáid Dhigiteach, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an plean gníomhaíochta CSE a chur chun feidhme ina iomláine.

**Staidreamh déimeagrafach agus sóisialta**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur fhoilsigh Eurostat an 28 Meán Fómhair 2022 a réamh-mheastacháin nuashonraithe daonra le haghaidh thréimhse 10 mbliana. ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go bhfoilseoidh Eurostat na réamh-mheastacháin fhadtéarmacha daonra faoi dheireadh mhí an Mhárta 2023.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS a thábhachtaí atá staidreamh tráthúil maidir le costas saothair, agus MOLANN SÍ do CSE dul chun cinn a dhéanamh le staidreamh a bhaineann le hoibrithe ardáin dhigitigh.

MOLANN an Chomhairle do CSE úsáid a bhaint as an athbhreithniú atá á dhéanamh aige ar staidreamh sláinte chun feabhsuithe ar an staidreamh sin a thabhairt ar aghaidh.

**Cáilíocht agus aicmithe**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na hathbhreithnithe piaraí atá déanta go dtí seo laistigh den tríú babhta d'athbhreithnithe piaraí arna ndéanamh ag CSE agus ag a chuid institiúidí, agus TÁ SÍ AG SÚIL go ndéanfar na moltaí a thiocfaidh astu sin agus as athbhreithnithe eile amach anseo a chur chun cinn chun comhlíonadh Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a fheabhsú agus chun cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a fheabhsú.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an comhdhearcadh ar tháinig na Ballstáit air sa phróiseas athbhreithnithe maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Rialachán Tarmligthe a ghlac an Coimisiún chun an bealach a réiteach chun NACE Rev. 2.1 a thabhairt isteach i réimsí staidrimh.